

MICLÍN MAC DONNCHADA, AN SGÉALOIDHE.

Rugadh é sa mbliain 1864 nó 1865

Pádraic mac Donnchadha a athair

Séamus a athair sin

Séamus a athair sin

Séan a athair sin

Éamonn a athair sin

Séan a athair sin

Is a Ruisín na mBan Aoidheach a Chomhnuigheadar uile. Brighid Mháirtín Mhic Dhonnchadha a mháthair bhí go leor sgéalta aice agus ag a hathair roimpe. B'íongantach an bhean í le arthanna a chur. Máirtín Mac Donnchadha athair a Máthair bhí sgéalta an domhain aige agus mhair sé go dtí an céad beagnach. San Áird thiar a rugadh an mháthair. “Bhí roinnt sgéalta ag m’athair ach ní raibh aon fhear le faghail a raibh sgéalta aige mar bhí ag athair mo mháthair.” Is ó n-a máthair is mo a chuala sé na sgéalta. (Tá tuille eolais an sgéalaidhe leabhar nótaí rinneas 1934)

An sgéalaidhe (ar leanamhaint)

Sa mbliain 1872 cuireadh sgoil na hÁirde Móire ar bun ocht mbliana ach ráithe a bhí mé an t-am ar hosgluigheadh an sgoil. Chuaidh mise ann ar an bpointe boise. Máighistir sgoile de Ragailleach a bhí ann. Ní chuala mé a’labhairt aon fhocal Gaidhilge é. Ní raibh aon bhéarla agam-sa agus níl fós ach nach bhfuil mé chó dall le duine eile. Bhí mé dhá bhliana ar sgoil nuair a bualadh tinn mé. Bhí mé bliain go leith tinn le mo chois. Nuair a gabh mé un sgoile arís bhí maighistir dhe Finlay ann. Chaith sé abhad ann. Ní chuala mé aon Gaedhilge aige bhí mé ag foghlaim léigheoireacht bhéarla. Níor fhága mé amach Éirinn ariamh. 34.4. 34.

É féin agus Séan ó briain ag dul faoi láimh Easpuig an lá céadna. Ní raibh aon duine ní b’fhearr san teagag críostaidhe ná é ach Séan Ó Briain.

